Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8821/26**
**ADD 1**

**ENER 211**
**FISC 156**
**ECOFIN 559**
**COMPET 514**
**ENV 441**
**IND 299**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2850 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>maidir le tacú le pobail fuinnimh a fhorbairt agus acmhainneacht an fhéintomhaltais a uasmhéadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2850 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2850 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2850 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le tacú le pobail fuinnimh a fhorbairt agus acmhainneacht an fhéintomhaltais a uasmhéadú**

{SWD(2026) 126 final}

**IARSCRÍBHINN: Plean Gníomhaíochta na gComhphobal Fuinnimh**

Lena Theachtaireacht maidir le Pacáiste Fuinnimh na Saoránach COM(2026)115, leag an Coimisiún síos cuspóir cur leis an toilleadh fuinnimh in-athnuaite arna shuiteáil ag pobail fuinnimh go dtí suas le 90 GW. Chun bacainní teicniúla agus airgeadais ar phobail fuinnimh a bhaint agus chun tacú leis na Ballstáit an Moladh seo a chur chun feidhme, tugtar aghaidh sa phlean gníomhaíochta seo ar chúig réimse:

1. Creataí cumasúcháin éifeachtacha
2. Rochtain ar mhaoiniú
3. Ardú feasachta agus fothú acmhainní
4. Cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht phoiblí
5. Nuálaíocht dhigiteach agus comhtháthú córas

Chun an dul chun cinn faoin bplean gníomhaíochta seo a rianú, dea-chleachtais a mhalartú agus comhpháirtíochtaí idir údaráis phoiblí, pobail agus an tionscal a neartú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- sraith **táscairí uile-Aontais** a fhorbairt chun éabhlóid agus tionchar na bpobal fuinnimh a rianú mar chuid de **Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach, agus**
- **idirphlé maidir le fuinneamh na saoránach** a eagrú i gcomhar leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa agus le líonraí na bpáirtithe leasmhara in 2028.

**1. Creataí cumasúcháin éifeachtacha**

Chun dul i ngleic le héiginnteacht rialála mar gheall ar thrasuí neamhiomlán nó moillithe Threoracha an Aontais lena sainítear pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh na saoránach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le **sainmhínithe an Aontais** a shimpliú agus a ailíniú a thuilleadh.
- Leanúint de bheith i dteagmháil le Ballstáit an Aontais, le rialtóirí fuinnimh náisiúnta, le hoibreoirí córais dáileacháin agus le heagraíochtaí ionadaíocha pobal fuinnimh maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais agus an Mholta maidir le pobail fuinnimh agus féintomhaltas i gcomhthéacs Fhóram Fuinnimh bliantúil na Saoránach agus an Chruinnithe Comhchéime Rialála maidir le Beartas Fuinnimh le haghaidh Tomhaltóirí.
- **Faireachán a dhéanamh ar bhacainní náisiúnta**, ar dhea-chleachtais agus ar chreataí cumasúcháin faoi Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach agus faoi thionscnaimh eile.
- Imscrúdú a dhéanamh ar mhaímh gurb ann do **chleachtais mhargaíochta éagóracha** maidir le pobail fuinnimh nó comhroinnt fuinnimh.

**2. Rochtain ar mhaoiniú**

Chun feabhas a chur ar rochtain pobal fuinnimh ar mhaoiniú inacmhainne iontaofa, feasacht a mhúscailt i measc idirghabhálaithe airgeadais agus údaráis bhainistíochta faoi ráthaíochtaí agus cistí an Aontais atá ar fáil chun tacú le pobail fuinnimh, agus leanúint de thacaíocht deontais luathchéime a sholáthar trí Shaoráid na gComhphobal Fuinnimh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feasacht a mhúscailt i measc idirghabhálaithe airgeadais agus pobail fuinnimh maidir le húsáid **ráthaíochtaí InvestEU chun iasachtaí inacmhainne a scaoileadh**, i gcomhar leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, trí Ardán na Tairsí Glaise (uirlis deisce cabhrach, cumarsáid leictreonach, seimineár gréasáin) chun a ghlacadh a uasmhéadú (2026).
- **Bosca uirlisí maoiniúcháin maidir le fuinneamh pobail** a fhoilsiú, trí Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach, chun pobail a threorú trí shamhlacha agus roghanna maoiniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun seirbhísí solúbthachta agus comhroinnte fuinnimh atá faoi stiúir an phobail agus atá comhtháite sa mhargadh a chur ar fáil (2026).
- Meitheal um phobail fuinnimh a bhunú faoi **Líonra na nÚdarás Fuinnimh agus Bainistíochta**, tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthoil na gcomhaltaí maidir lena bhunú, chun glacadh na gCistí Comhtháthaithe (2026) a neartú.
- **Saoráid na gComhphobal Fuinnimh a athmhaoiniú tar éis 2027 chun síolchistiú a chur ar fáil** do bhreis agus 140 pobal fuinnimh chun pleananna gnó a fhorbairt ag an gcéim réamhfhorbartha (2027).

**3. Ardú feasachta agus fothú acmhainní**

Tá rochtain ar eolas fuinnimh, scileanna eacnamaíocha agus fiontraíochta, saineolas teicniúil agus dlíthiúil agus fothú acmhainneachta ríthábhachtach chun go mbeidh pobail fuinnimh in ann fás, scálú agus gairmiúlú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **saoránaigh, údaráis áitiúla agus daoine eile amhail feirmeoirí agus úinéirí gnólachtaí beaga a chur ar an eolas** faoina gcearta agus faoina ndeiseanna chun pobail fuinnimh a bhunú nó chun tacú leo, trí Chúnant na Méaraí agus trí fheachtas cumarsáide tiomnaithe maidir le cearta tomhaltóirí (2026).
- **cúnamh teicniúil a chur ar fáil** trí Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach do phobail fuinnimh chun tionscadail stórála, éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt (2026).
- Cistiú le haghaidh an Aistrithe chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE a shlógadh chun cuidiú le pobail fuinnimh tionscadail agus seirbhísí fuinnimh in-athnuaite a fhás, a ghairmiúlú agus a scálú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí foghlama idir piaraí agus trí struchtúir thánaisteacha (2026).

**4. Cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht phoiblí**

Is féidir le pobail fuinnimh rannchuidiú leis an bpobal a shlógadh, lena n-áirítear teaghlaigh leochaileacha agus lena gcosnaítear iad, agus le laghdú a dhéanamh ar an líon teaghlach a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh, rud a dhéanann difear díréireach freisin

do mhná agus do ghrúpaí eile a bhíonn i mbaol idirdhealaithe. Chun leas a bhaint as an acmhainneacht sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cúnamh teicniúil a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun cuidiú le **teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh a dhéanamh rannpháirteach** i bpobail fuinnimh tríd an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht (EPAH) (2026).
- 'Pobal cleachtais' a bhunú mar chuid d'**Ardán na gCeannaitheoirí Poiblí** chun critéir maidir leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn sa soláthar poiblí agus sna lamháltais (2026).
- **Treoir cur chun feidhme maidir le rannpháirtíocht na saoránach** a fhoilsiú, trí Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach agus EPAH, chun tacú le lucht ceaptha beartas pobail fuinnimh atá cuimsitheach go sóisialta agus faoi stiúir na saoránach a shainaithint agus tacú leo (2026).
- Tacú le deiseanna foghlama idir piaraí trí oiliúint ar an láthair a chur ar fáil idir réigiúin ghuail, mhóna nó scealla ola maidir le **pobail fuinnimh** tríd an tionscnamh 'Réigiúin Ghuail i mbun Aistrithe' agus trí ardáin ábhartha eile (2027).
- **Conradh eiseamláireach caighdeánaithe a fhoilsiú le haghaidh comhar** idir forbróirí tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh (2027).

**<u>5. Nuálaíocht dhigiteach agus comhtháthú córas</u>**

Trí leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha, na spásanna sonraí, na stórála, an chomhtháthaithe córais, agus na réiteach eangaí cliste, is féidir le pobail fuinnimh a bheith ina gcuid lárnach den chóras fuinnimh nua-aimseartha agus billí fuinnimh a laghdú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cistiú le haghaidh an Aistrithe chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE a shlógadh chun tacú le cathracha agus le comhpháirtithe áitiúla amhail pobail fuinnimh **réitigh chliste a rolladh amach** (amhail ceallraí comharsanachta, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, córais bainistithe fuinnimh etc.) a chuidíonn le comhroinnt fuinnimh áitiúil a bharrfheabhsú agus solúbthacht a scaoileadh (2026).
- Comhtháthú pobal fuinnimh sa **phleanáil fuinnimh áitiúil** a chur chun cinn i measc shínitheoirí Chúnant na Méaraí agus trí idirphlé fuinnimh le saoránaigh áitiúla a eagraítear faoi Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach (2026).
- Cistiú ón gclár Fís Eorpach a chur ar fáil chun tacú le **micrea-eangacha faoi stiúir an phobail agus le líonraí áitiúla téimh in-athnuaite** mar chuid de Mhisean na gCathracha (2026-2027). 12 mhilliún i gcistiú an chláir Fís Eorpach a sholáthar chun tacú le h**algartaim réamhaisnéise IS-bhunaithe** a fhorbairt chun luach na comhroinnte fuinnimh a bharrfheabhsú le haghaidh an chórais agus na bpobal (2026).
- Féachaint ar an gcaoi a bhféadfaí **margaí áitiúla fuinnimh ar scála na heangaí dáileacháin** a chomhtháthú don mhargadh mórdhíola ar bhealach caighdeánaithe chun a áirithiú gur féidir le córais bheaga dháilte fuinnimh oibriú go héifeachtúil agus solúbthacht inscálaithe a chumasú (2027).